Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13994/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0234(COD)**

AGRI 599
FOOD 72
ENV 1101
COMPET 971
SAN 578
MI 839
IND 523
CONSOM 353
ENT 212
CODEC 1822

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Treoir Réime Dramhaíola - gnéithe a bhaineann le bia<br>*- Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*<br>*- Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an doiciméad cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna mar bhonn don seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite ag an gcruinniú den Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair 2023.

**An Treoir Réime Dramhaíola - gnéithe a bhaineann le bia**

**- Doiciméad cúlra ón Uachtaránacht**

I gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, leagtar síos mar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 12.3[1] go ndéanfaí an cur amú bia domhanda per capita a laghdú faoina leath ar leibhéal an mhiondíola agus ar leibhéal an tomhaltóra faoi 2030 agus go ndéanfaí caillteanais bhia feadh an tslabhra táirgthe agus soláthair a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte.

Sna conclúidí a ghlac sí an 28 Meitheamh 2016[2], d'aithin an Chomhairle gur dhúshlán domhanda é caillteanais agus cur amú bia a laghdú, dúshlán ar theastaigh gníomhaíocht dhomhanda, réigiúnach agus áitiúil ina leith, agus d'iarr sí ar na Ballstáit a dtiomantas a dhearbhú i ndáil le SFI 12.3 a bhaint amach. D'iarr sí freisin ar an gCoimisiún dul i mbun tionscnamh, lena n-áirítear chun cosc na gcaillteanas agus an chur amú bia a chomhtháthú ar bhealach níos fearr feadh an tslabhra luacha ina iomláine.

Sa Treoir Réime Dramhaíola[3], a glacadh in 2008, leagtar amach na coincheapa agus na sainmhínithe bunúsacha a bhaineann le bainistiú dramhaíola ar leibhéal an Aontais. Leasaíodh í in 2018 le Treoir (AE) 2018/851, lenar tugadh isteach oibleagáid ar na Ballstáit cláir shonracha a fhorbairt chun cur amú bia a chosc, mar chuid de na cláir coiscthe dramhaíola.

---

1 https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-consumption-production/.

2 10730/16.

3 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe.

An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina raibh leasuithe breise ar an Treoir Réime Dramhaíola, lena n-áirítear spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí chun cur amú bia a laghdú. Tá sé sin ar cheann de na gealltanais atá leagtha amach sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'. Chomh maith leis sin, tá sé d'aidhm ag an togra rannchuidiú le hiarrachtaí an Aontais agus na mBallstát i ndáil le SFI 12.3 a bhaint amach.

Sa togra leagtar amach spriocanna do laghdú dramhaíola bia ar leibhéal na mBallstát, atá le baint amach faoin 31 Nollaig 2030, mar seo a leanas:

• Ag céim an 'chlaochlaithe': laghdú 10 %, i gcomparáid leis an méid a gineadh in 2020.

• Sna céimeanna 'díolacháin agus dáileadh miondíola', 'bialanna agus seirbhísí bia' agus 'teaghlaigh' le chéile, laghdú 30 % (in aonaid per capita), i gcomparáid lenar gineadh in 2020.

Ní áirítear sa togra spriocanna don chéim 'táirgeadh príomhúil'. Sa Mheasúnú Tionchair, is é conclúid an Choimisiúin gur toradh í an dramhaíl sa táirgeadh príomhúil ar neamhéifeachtúlachtaí sa bhiashlabhra nach bhfuil neart ag feirmeoirí orthu, mar shampla cúinsí meitéareolaíochta agus an margadh.

Tá forálacha sa togra freisin maidir le 'cláir coiscthe dramhaíola bia' na mBallstát agus maidir le bearta atá le déanamh ag na Ballstáit chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola bia sa táirgeadh príomhúil, sa phróiseáil agus an monarú, sa mhiondíol agus dáileadh eile bia agus i dteaghlaigh. Áirítear ar na bearta sin an méid seo a leanas:

- gníomhartha athraithe iompraíochta a fhorbairt agus feachtais faisnéise i ndáil leis an gcur amú bia a chosc,

- neamhéifeachtúlachtaí i slabhra an tsoláthair bia a shainaithint agus a ghleic, tacú leis an gcomhar i measc na ngníomhaithe uile, agus é á áirithiú go ndáilfear costais agus tairbhí na mbeart coiscthe ar bhealach cóir,

- an deonú bia a spreagadh, mar aon le foirmeacha eile den athdháileadh bia lena caitheamh ag an duine, agus tús áite á thabhairt do bhia don duine thar bheatha ainmhithe agus thar an athphróiseáil ina dtáirgí nach táirgí bia iad,

- tacú leis an oiliúint agus le forbairt scileanna, agus an rochtain ar dheiseanna cistiúcháin a éascú, go háirithe le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gníomhaithe de chuid an gheilleagair shóisialta.

Thairis sin, foráiltear sa togra go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú faoi dheireadh 2027 ar a mhéid a bheidh na spriocanna á gcomhlíonadh, d'fhonn iad a mhodhnú, a leathnú amach chuig céimeanna eile de shlabhra an tsoláthair bia nó d'fhonn spriocanna nua a bhunú tar éis 2030 de réir mar a bheidh iomchuí.

Tugann an Uachtaránacht dá haire go bhfuil an togra an-tábhachtach don earnáil agraibhia. Is den suntas go mbeidh tionchar díreach ag an togra ar an mbiashlabhra, go háirithe i ngeall ar na spriocanna maidir le laghdú a bheith dírithe ar chéimeanna sonracha den bhiashlabhra.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Uachtaránacht go bhfuil sé ábhartha seisiún tuairimíochta a thionól maidir leis an togra sa Chomhairle AGRIFISH, tar éis don Choimisiún cur i láthair a dhéanamh.

Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht an díospóireacht a dhíriú ar na saincheisteanna a bhaineann le bia, bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

1.- Maidir leis na gnéithe a bhaineann le cur amú bia, cad é do mheasúnú ar an togra?

2.- Cé na huirlisí is oiriúnaí, dar leat, chun cuspóirí an togra maidir le cur amú bia a bhaint amach?